Bearradh geoin

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 11)]

1 Bearradh geoin
tug bean orainne dar ndeoin;
ní budh romheasa, dar liom,
folt ar gcinn de bhearradh geoin. B.

2 Bearradh geoin:
dar an gclog atá i gCill Eoin
..................... ..ní ar a leas
tug ar an bhfear bearradh geoin.

3 Dob aithnid damsa fear fial
nár bearradh riamh a .........;
mac Mhéig Carrthaigh, céin do mhair,
níor tugadh air bearradh geoin.

4 Inghean Chormaic is cian uaidh
le Diarmaid do chuaidh dá deoin;
ní mé luighfeas clog na mionn
nach tug sé ar Fhionn bearradh geoin. B.

5 A Mhuire, bí-se ’gam dhíon;
uait do ghabh Críost fuil is feoil;
do thabhairt is mé ar do bhreith
oram ná leig bearradh geoin.